I

(Rúin, moltaí agus tuairimí)

MOLTAÍ

AN BANC CEANNAIS EORPACH

MOLADH ÓN MBANC CEANNAIS EORPACH

an 7 Márta 2023

do Comhairle an Aontais Eorpaigh maidir le hiniúchóirí seachtracha Hrvatska narodna banka

(BCE/2023/4)

(2023/C 93/01)

TÁ COMHLAIRLE RIALAITHE AN BHAINC CEANNAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Reacht Chóras Eorpach na mBanc Ceannais agus an Bhainc Ceannais Eorpaigh, agus go háirithe d'Airteagal 27.1 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Déanann iniúchóirí seachtracha neamhspleácha atá molta ag Comhairle Rialaithe BCE agus a fhormheasann Comhairle an Aontais Eorpaigh iniúchadh ar chuntais an Bhainc Ceannais Eorpaigh (BCE) agus ar chuntais bhainc ceannais náisiúnta na mBallstát a bhfuil an euro mar airgeadra acu.

(2) Tiocfaidh deireadh le sainordú iniúchóirí seachtracha reatha Hrvatska narodna banka, KPMG Croatia d.o.o., tar éis an iniúchta don bhliain airgeadais 2024. Ón 1 Eanáir 2023 tá Hrvatska narodna banka faoi réir Airteagal 27.1 de Reacht an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais agus an Bhainc Ceannais Eorpaigh. Dá bhrí sin, is gá go molfaidh Comhairle Rialaithe BCE na hiniúchóirí seachtracha reatha do na blianta airgeadais 2023 go 2024 agus go bhformheasfaidh an Chomhairle iad,

TAR ÉIS AN MOLADH SEO A GHLACADH:

Moltar go ndéanfadh KPMG Croatia d.o.o an iniúchóireacht sheachtrach ar Hrvatska narodna banka do na blianta airgeadais 2023 go 2024.

Arna dhéanamh in Frankfurt am Main, 7 Márta 2023.

Uachtarán BCE
Christine LAGARDE